*Parlaimint na hEorpa*
***2019-2024***

*An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe*

**2022/0164(COD)**

04.10.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus chuig an gCoiste um Buiséid

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann sé le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán (AE) 2021/2115, Treoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814
(COM(2022)0231 – C9-0183/2022 – 2022/0164(COD))

Rapóirtéir don tuairim(*): Peter Jahr

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta



*Aontaithe san éagsúlacht*

PA_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus ar an gCoiste um Buiséid, mar na coistí atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(18) Ba cheart Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] a leasú freisin chun deis a thabhairt suas le 12.5 % den Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe a sholáthar tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá údar maith leis an modh seachadta sin trí chomhlántacht agus sineirgí idir na hionstraimí sin i dtaca leis na cuspóirí chun úsáid leasachán sintéiseach a laghdú, nó táirgeadh bithmheatáin inbhuanaithe nó fuinnimh in-athnuaite a mhéadú, i gcomhréir le cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta a leagtar amach in Airteagal 39 CFAE. Tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ba cheart go gcuirfí dlús le heisíoc na gcistí le tairbhithe ón earnáil talmhaíochta, rud atá ríthábhachtach i bhfianaise phráinne na gcuspóirí a bhaineann le fuinneamh.*** | ***scriosta*** |

***[7] Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-***

***aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Ba cheart údar a bheith le hiarraidh ar chistiú tiomnaithe do bhearta faoi REPowerEU, lena n-áirítear leithdháileadh ó Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, ***aistrithe ó na cistí atá faoi rialú ag Rialachán (AE) 2021/1060 agus a leithdháiltear ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, arna gcur isteach i bplean,*** de bharr riachtanais airgeadais níos airde a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise a áirítear sa chaibidil maidir le REPowerEU. | (20) Ba cheart údar ***maith*** a bheith le hiarraidh ar chistiú tiomnaithe do bhearta faoi REPowerEU, lena n-áirítear leithdháileadh ó Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, de bharr riachtanais airgeadais níos airde a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise a áirítear sa chaibidil maidir le REPowerEU. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) 2021/241
Airteagal 21b –mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú nó a leithdháileadh ar ***na Ballstáit, arna*** iarraidh sin dóibh, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in ***Airteagal 26ú*** de Rialachán (AE) 2021/1060 ***agus in Airteagal 81d de Rialachán (AE) 2021/2115***. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann, agus chuige sin amháin. | (1) Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú nó a leithdháileadh ar ***an tSaoráid, ar*** iarraidh sin dóibh, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in ***Airteagal 26a*** de Rialachán (AE) 2021/1060. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann, agus chuige sin amháin. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) 2021/241
Airteagal 21b – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) Tacóidh na hacmhainní a leithdháiltear faoi Airteagal 81d de Rialachán (AE) 2021/2115 le bearta in Airteagal 21c(1)(b) den Rialachán seo maidir le hinfheistíochtaí feirme chun leasa feirmeoirí nó grúpaí feirmeoirí, go háirithe chun rannchuidiú le húsáid leasachán sintéiseach a laghdú, táirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus bithmheatán inbhuanaithe a mhéadú, agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[...]*** | ***scriosta*** |

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú ar Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann sé le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán (AE) 2021/2115, Treoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814 |
| **Tagairtí** | COM(2022)0231 – C9-0183/2022 – 2022/0164(COD) |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG ECON<br>6.6.2022 6.6.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>6.6.2022 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 15.9.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Peter Jahr<br>14.6.2022 |
| **Riail 58 - Nós imeachta comhchoiste**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | <br>15.9.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 31.8.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 3.10.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 44<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Benoît Biteau, Mara Bizzotto, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Angelo Ciocca, Dacian Cioloş, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Dino Giarrusso, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Camilla Laureti, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Chris MacManus, Colm Markey, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Eugenia Rodríguez Palop, Bronis Ropė, Bert-Jan Ruissen, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Marc Tarabella, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Peter Jahr, Tom Vandenkendelaere |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 44 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová |
| ID | Mara Bizzotto, Angelo Ciocca, Ivan David, Gilles Lebreton |
| NI | Dino Giarrusso |
| PPE | Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Peter Jahr, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Colm Markey, Marlene Mortler, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Tom Vandenkendelaere, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| RENEW | Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Dacian Cioloş, Jérémy Decerle, Martin Hlaváček, Elsi Katainen, Ulrike Müller |
| S&D | Clara Aguilera, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Isabel Carvalhais, Paolo De Castro, Camilla Laureti, Maria Noichl, Juozas Olekas, Marc Tarabella |
| THE LEFT | Chris MacManus, Eugenia Rodríguez Palop |
| VERTS/ALE | Benoît Biteau, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Bronis Ropė, Sarah Wiener |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh